**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2019**
**(OR. en)**

**2018/0076 (COD)** **PE-CONS 91/18**

**EF 348**
**ECOFIN 1239**
**CONSOM 370**
**IA 430**
**CODEC 2417**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le muirir áirithe ar íocaíochtaí trasteorann san Aontas agus muirir comhshó airgeadra |

**RIALACHÁN (AE) 2019/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009**
**maidir le muirir áirithe ar íocaíochtaí trasteorann san Aontas**
**agus muirir comhshó airgeadra**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C 382, 23.10.2018, lch. 7.
2 IO C 367, 10.10.2018, lch. 28.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Feabhra 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ón uair a glacadh Rialacháin (CE) Uimh. 2560/2001[1] agus Rialachán (CE) Uimh. 924/2009[2], tá laghdú mór tagtha ar mhuirir ar íocaíochtaí trasteorann in euro idir na Ballstáit sa limistéar euro chuig leibhéil atá neamhshuntasach i bhformhór mór na gcásanna.

(2) Is íocaíochtaí trasteorann in euro ó na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro atá in thart ar 80 % de na híocaíochtaí trasteorann ar fad ó na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro, áfach. Leanann na muirir ar na híocaíochtaí trasteorann sin de bheith ró-ard i bhformhór na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro, cé go bhfuil rochtain ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá lonnaithe i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro ar na bonneagair éifeachtúla chéanna chun na hidirbhearta sin a phróiseáil ar chostas an-íseal is atá ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá lonnaithe sa limistéar euro.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2001 maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro (IO L 344 28.12.2001, lch. 13).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 (IO L 266, 9.10.2009, lch. 11).

(3) Tá ardmhuirir ar íocaíochtaí trasteorann ina mbacainn fós ar ghnólachtaí agus saoránaigh i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro a lánchomhtháthú isteach sa mhargadh inmheánach, agus tá sé sin ag cur isteach ar a n-iomaíochas. Déanann na hardmhuirir sin buanú ar dhá chatagóir d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta san Aontas: úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a bhaineann tairbhe as an limistéar aonair d'íocaíochtaí euro (SEPA), agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a íocann ardchostais as a n-íocaíochtaí trasteorann in euro.

(4) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a éascú agus chun deireadh a chur leis na héagothromaíochtaí idir úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa limistéar euro agus iad sin sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro, is gá a áirithiú go mbeidh muirir ar íocaíochtaí trasteorann in euro laistigh den Aontas i gcomhréir le muirir ar íocaíochtaí comhfhreagracha náisiúnta a dhéantar in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an úsáideora seirbhíse íocaíochta lonnaithe. Meastar soláthraí seirbhíse íocaíochta a bheith lonnaithe sa Bhallstát ina bhfuil sé ag soláthar a sheirbhísí don úsáideoir seirbhíse íocaíochta.

(5) Tá muirir comhshó airgeadra ina gcostas suntasach d'íocaíochtaí trasteorann i gcás nach ionann an t-airgeadra atá in úsáid i mBallstát an íocóra agus i mBallstát an íocaí. Ceanglaítear faoi Airteagal 45 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle[1] go mbeadh na muirir agus na rátaí malairte a úsáidtear trédhearcach, sonraítear in Airteagal 52(3) den Treoir sin na ceanglais faisnéise i ndáil le hidirbhearta íocaíochta atá cumhdaithe ag creatchonradh agus cumhdaítear in Airteagal 59(2) den Treoir sin na ceanglais faisnéise atá ar pháirtithe a thairgeann seirbhísí comhshó airgeadra ag uathmheaisín bainc (UMB) nó ag an díolphointe. Níl dóthain trédhearcachta ná inchomparáideachta bainte amach ag na ceanglais faisnéise sin ó thaobh muirir comhshó airgeadra de i gcásanna ina ndéantar roghanna eile comhshó airgeadra a thairiscint ag UMB nó ag an díolphointe. Is é an toradh atá ar an easpa trédhearcachta agus inchomparáideachta sin go gcuirtear cosc ar iomaíochas a dhéanfadh laghdú ar mhuirir comhshó airgeadra agus go méadaítear an riosca go roghnóidh íocóirí roghanna costasacha comhshó airgeadra. Is gá, dá bhrí sin, bearta breise a thabhairt isteach chun go gcosnófar tomhaltóirí ar mhuirir iomarcacha ar sheirbhísí comhshó airgeadra, agus chun a áirithiú go dtabharfar do thomhaltóirí an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun an rogha comhshó airgeadra is fearr a dhéanamh.

---

[1] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

(6) Chun a áirithiú nach mbeidh ar ghníomhaithe margaidh aghaidh a thabhairt ar an ngá le leibhéal díréireach infheistíochta a dhéanamh chun a mbonneagar, a dtrealamh agus a bpróisis íocaíochta a oiriúnú chun bheith níos trédhearcaí, ba cheart go mbeadh na bearta a chuirfear chun feidhme ina mbearta iomchuí, leordhóthanacha agus costéifeachtacha. Ag an am céanna, i gcásanna ina bhfuil ar an íocóir roghnú idir roghanna éagsúla comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe, ba cheart go gcuirfeadh an fhaisnéis a sholáthraítear ar chumas an íocóra comparáid a dhéanamh, ionas go bhféadfadh sé nó sí rogha eolach a dhéanamh.

(7) Chun inchomparáideacht a bhaint amach, ba cheart na muirir comhshó airgeadra ar na híocaíochtaí cártabhunaithe go léir a shloinneadh ar an mbealach céanna, eadhon mar chéatadáin marcála suas os cionn na rátaí tagartha malairte eachtraí euro is déanaí atá ar fáil, arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). D'fhéadfadh gur ghá marcáil suas a bhunú ar ráta atá díorthaithe ó dhá ráta BCE i gcás ina bhfuil comhshó á dhéanamh idir dhá airgeadra nach euro iad.

(8) I gcomhréir leis na ceanglais faisnéise ghinearálta maidir le comhshó airgeadra a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/2366, ní mór do sholáthraithe seirbhísí comhshó airgeadra an fhaisnéis a nochtadh maidir lena muirir comhshó airgeadra sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta. I gcás páirtithe a thairgeann seirbhísí comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe, ba cheart dóibh faisnéis maidir lena muirir ar na seirbhísí sin a sholáthar ar bhealach soiléir agus inrochtana , mar shampla trína muirir a chur ar taispeáint ag an gcuntar nó go digiteach ar an teirminéal, nó ar an scáileán i gcás ceannacháin ar líne. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, ba cheart go gcuirfeadh na páirtithe sin freisin, sula gcuirtear tús le hidirbheart, faisnéis shainráite ar fáil maidir leis an méid atá le híoc leis an íocaí san airgeadra atá ina úsáid ag an íocaí agus an méid iomlán atá le híoc ag an íocóir in airgeadra chuntas an íocóra. Ba cheart go sonrófaí sa mhéid atá le híoc san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí praghas na n-earraí agus na seirbhísí atá le ceannach agus d’fhéadfaí é sin a thaispeáint ag an tseiceáil amach seachas ar an teirminéal íocaíochta. De ghnáth is é an t-airgeadra áitiúil an t-airgeadra a bhíonn in úsáid ag an íocaí ach, i gcomhréir le prionsabal na saoirse conarthaí, d’fhéadfadh i roinnt cásanna gur airgeadra eile Aontais a bheadh i gceist. Ba cheart go mbeadh an méid iomlán atá le híoc ag an íocóir in airgeadra chuntas an íocóra déanta suas de phraghas na n-earraí nó na seirbhísí agus na muirir comhshó airgeadra. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfaí an dá mhéid a dhoiciméadú ar admháil nó ar mheán marthanach eile.

(9) I ndáil le hAirteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, i gcás ina ndéantar seirbhís comhshó airgeadra a thairiscint ag UMB nó ag an díolphointe, ba cheart go mbeadh sé indéanta don íocóir an tseirbhís sin a dhiúltú agus íoc san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí ina ionad sin.

(10) Chun a chur ar chumas íocóirí comparáid a dhéanamh idir muirir a ghabhann leis na roghanna éagsúla comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe, ní hamháin gur cheart do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta na n-íocóirí faisnéis atá go hiomlán inchomparáide a sholáthar maidir leis na muirir is infheidhme don chomhshó airgeadra i dtéarma agus coinníollacha a gcreatchonartha, ach ba cheart go ndéanfaidís freisin an fhaisnéis sin poiblí ar ardán leictreonach atá ar fáil go forleathan agus a bhfuil rochtain éasca orthu, go háirithe ar a suíomh gréasáin do chustaiméirí, ar a suíomh gréasáin baincéireachta baile agus ar a bhfeidhmchláir baincéireachta soghluaiste, ar bhealach atá éasca le tuiscint agus inrochtana. D’fhreastalódh sé sin ar fhorbairt suíomhanna gréasáin comparáide ionas go mbeadh sé níos éasca do thomhaltóirí praghsanna a chur i gcomparáid le chéile agus iad ag taisteal nó ag siopadóireacht thar lear. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfeadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocóirí i gcuimhne d’íocóirí na muirir comhshó airgeadra is infheidhme nuair a dhéanann siad íocaíocht chártabhunaithe in airgeadra eile, trí úsáid a bhaint as bealaí cumarsáide leictreonacha atá ar fáil go forleathan agus a bhfuil rochtain éasca orthu, amhail teachtaireachtaí SMS, ríomhphoist nó brúfhógraí trí aip baincéireachta soghluaiste an íocóra. Ba cheart go dtiocfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar chomhaontú le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta maidir leis an mbealach cumarsáide leictreonaí trína soláthróidh siad an fhaisnéis maidir le muirir comhshó airgeadra, ag cur san áireamh an bealach is éifeachtaí chun teacht ar an íocóir. Chomh maith leis sin, ba cheart go nglacfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta freisin le hiarrataí ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta diúltú do theachtaireachtaí leictreonacha a fháil, ar teachtaireachtaí iad ina bhfuil faisnéis faoi mhuirir comhshó airgeadra.

(11) Is iomchuí meabhrúcháin thréimhsiúla a úsáid i gcásanna ina bhfuil an t-íocóir ag fanacht thar lear ar feadh tréimhse fhada, mar shampla i gcás ina bhfuil an t-íocóir ar postú nó ag staidéar thar lear, nó i gcás ina n-úsáideann an t-íocóir cárta do cheannacháin ar líne san airgeadra áitiúil. Ní cheanglófaí le hoibleagáid maidir le meabhrúcháin mar sin a sholáthar infheistíochtaí díréireacha a dhéanamh chun na próisis ghnó agus bonneagair próiseála íocaíochta an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta atá ann cheana féin a chur in oiriúint, ach áiritheofaí leis go mbeadh an t-íocóir níos fearr ar an eolas agus é ag meas na roghanna éagsúla comhshó airgeadra.

(12) Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, BCE agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na rialach lena gcothromaítear costas na n-íocaíochtaí trasteorann in euro le costas na n-idirbheart náisiúnta in airgeadraí náisiúnta agus maidir le héifeachtacht na gceanglas faisnéise ar chomhshó airgeadra a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún anailís ar fhéidearthachtaí breise freisin – agus ar indéantacht theicniúil na bhféidearthachtaí sin – chun síneadh a chur leis an riail maidir le muirir chothroma ionas go gcuimseofaí gach airgeadra Aontais agus feabhas breise a chur ar thrédhearcacht agus inchomparáideacht na muirear comhshó airgeadra, chomh maith leis na páirtithe a bheith in ann cumasú agus díchumasú a dhéanamh ar an rogha glacadh le comhshó airgeadra seachas an rogha a chuireann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ar fáil.

(13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr nádúr trasteorann na n-íocaíochtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 924/2009*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le híocaíochtaí trasteorann agus maidir le trédhearcacht na muirear comhshó airgeadra laistigh den Aontas",

(b) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

"D'ainneoin na chéad fhomhíre den mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 3a agus 3b maidir le híocaíochtaí náisiúnta agus trasteorann atá ainmnithe in euro nó in airgeadra náisiúnta de chuid Ballstáit seachas an euro agus a dhéantar le seirbhís comhshó airgeadra.";

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (9):

"(9) ciallaíonn 'muirear' aon mhéid a thoibhíonn soláthraí seirbhíse íocaíochta ar úsáideoir seirbhíse íocaíochta ar méid é atá nasctha go díreach nó go hindíreach le hidirbhearta íocaíochta, aon mhéid a thoibhíonn soláthraí seirbhíse íocaíochta nó páirtí a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra i gcomhréir le hAirteagal 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* ar úsáideoir seirbhíse íocaíochta le haghaidh seirbhís comhshó airgeadra, nó teaglaim díobh sin;

---

* Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).",

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Na muirir a thoibheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta ar úsáideoir seirbhíse íocaíochta maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro, beidh siad mar an gcéanna leis na muirir a thoibheoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin le haghaidh íocaíochtaí náisiúnta comhfhreagracha den luach céanna in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an úsáideora seirbhíse íocaíochta lonnaithe.";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“1a. Na muirir a thoibheoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta ar úsáideoir seirbhíse íocaíochta maidir le híocaíochtaí trasteorann san airgeadra náisiúnta de chuid Ballstáit a thug fógra faoin gcinneadh uaidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú chuig a airgeadra náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14 beidh siad mar an gcéanna leis na muirir a thoibheoidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta sin ar úsáideoirí seirbhíse íocaíochta maidir le híocaíochtaí náisiúnta comhfhreagracha den luach céanna agus san airgeadra céanna.”;

(c) scriostar mír 3,

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 1a ar mhuirir comhshó airgeadra.”;

(4) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 3a*

*Muirir comhshó airgeadra a bhaineann le hidirbhearta cártabhunaithe*

1. I ndáil leis na ceanglais faisnéise maidir le muirir comhshó airgeadra agus leis an ráta malairte is infheidhme, mar a leagtar amach in Airteagail 45(1), 52(3) agus 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, déanfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta, agus páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra ag uathmheaisín bainc (UMB) nó ag an díolphointe, amhail dá dtagraítear in Airteagal 59(2) den Treoir sin, na muirir iomlána comhshó airgeadra a shloinneadh mar chéatadán marcála suas os cionn na rátaí tagartha malairte eachtraí euro is déanaí atá ar fáil arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Déanfar an mharcáil suas sin a nochtadh don íocóir sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta.

2. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta an mharcáil suas dá dtagraítear i mír 1 poiblí freisin ar bhealach intuigthe a bhfuil sé éasca rochtain a fháil air ar ardán leictreonach atá ar fáil go forleathan agus inrochtana go héasca.

3. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh páirtí a sholáthraíonn seirbhís comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don íocóir sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta:

(a) an méid atá le híoc leis an íocaí san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí;

(b) an méid atá le híoc ag an íocóir in airgeadra chuntas an íocóra.

4. Déanfaidh páirtí a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra ag UMB nó ag an díolphointe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar taispeáint go soiléir ag an UMB nó ag an díolphointe. Sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta, cuirfidh an páirtí sin an t-íocóir ar an eolas freisin go bhfuil an fhéidearthacht ann íoc san airgeadra a úsáideann an t-íocaí agus go bhféadfadh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra an comhshó airgeadra a dhéanamh ina dhiaidh sin. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 a chur ar fáil gan mhoill don íocóir ar mheán marthanach tar éis thús an idirbhirt íocaíochta freisin.

5. Maidir le gach cárta íocaíochta a d’eisigh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra chuig an íocóir agus atá nasctha leis an gcuntas céanna, seolfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra teachtaireacht leictreonach chuig an íocóir ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 gan mhoill mhíchuí tar éis do sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ordú íocaíochta a fháil le haghaidh aistarraingt airgid ag UMB nó le haghaidh íocaíocht ag an díolphointe atá ainmnithe in aon airgeadra Aontais atá éagsúil ó airgeadra chuntas an íocóra.

D’ainneoin na chéad fhomhíre, seolfar teachtaireacht den sórt sin uair amháin i ngach mí ina bhfaigheann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ordú íocaíochta ón íocóir atá ainmnithe san airgeadra céanna.

6. Tiocfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta ar chomhaontú leis an úsáideoir seirbhíse íocaíochta maidir leis an mbealach nó na bealaí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go forleathan agus atá inrochtana go héasca trína ndéanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an teachtaireacht dá dtagraítear i mír 5 a sheoladh.

Déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an fhéidearthacht a thairiscint d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta diúltú do theachtaireachtaí leictreonacha a fháil, ar teachtaireachtaí iad dá dtagraítear i mír 5.

Féadfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta agus an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta teacht ar chomhaontú nach bhfuil feidhm ag mír 5 ná ag an mír seo go hiomlán nó go páirteach i gcás nach tomhaltóir é an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta.

7. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar saor in aisce agus ar bhealach neodrach agus intuigthe.";

(5) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 3b*

*Muirir comhshó airgeadra a bhaineann le haistrithe creidmheasa*

1. I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra seirbhís comhshó airgeadra a thairiscint i ndáil le haistriú creidmheasa, mar a shainmhínítear i bpointe 24 d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2015/2366, a gcuirtear tús leis go díreach ar líne, ag úsáid shuíomh gréasáin nó feidhmchlár baincéireachta móibílí an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta, déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta, i dtaca le hAirteagail 45(1) agus 52(3) den Treoir sin, an t-íocóir a chur ar an eolas sula gcuirtear tús leis an idirbheart íocaíochta, ar bhealach soiléir, neodrach agus intuigthe, maidir leis na muirir mheasta ar na seirbhísí comhshó airgeadra is infheidhme i leith an aistrithe creidmheasa.

2. Sula gcuirfear tús le hidirbheart íocaíochta, déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an t-íocóir a chur ar an eolas, ar bhealach soiléir, neodrach agus intuigthe, faoi mhéid iomlán an aistrithe creidmheasa in airgeadra chuntas an íocóra, lena n-áirítear aon táille idirbhirt agus aon mhuirir comhshó airgeadra. Tabharfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta eolas freisin faoin méid measta atá le haistriú leis an íocaí san airgeadra atá in úsáid ag an íocaí.";

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

"*Airteagal 15*

*Athbhreithniú*

1. Faoin ... [36 mhí roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, BCE agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ar tuarascáil í ina mbeidh, go háirithe:

(a) meastóireacht ar an gcaoi a gcuireann soláthraithe seirbhíse íocaíochta Airteagal 3 den Rialachán seo i bhfeidhm, arna leasú le Rialachán (AE) 2019/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*+];

(b) meastóireacht ar fhorbairt líon na n-íocaíochtaí náisiúnta agus trasteorann agus na muirear ar na híocaíochtaí sin in airgeadraí náisiúnta na mBallstát agus in euro ó glacadh Rialachán (AE) 2019/....[++];

(c) meastóireacht ar thionchar Airteagal 3 den Rialachán seo, arna leasú le Rialachán (AE) 2019/.... [++], maidir le forbairt na muirear comhshó airgeadra agus muirear eile a bhaineann le seirbhísí íocaíochta, a mbíonn íocóirí agus íocaithe araon faoina réir;

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2018/0076(COD) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

[++] IO: Cuir isteach le do thoil sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad 2018/0076 (COD).".

(d) meastóireacht ar thionchar measta Airteagal 3(1) den Rialachán seo a leasú ionas go gcumhdófaí airgeadraí uile na mBallstát;

(e) meastóireacht ar an gcaoi a ndéanann seirbhísí comhshó airgeadra na ceanglais faisnéise a chur i bhfeidhm a leagtar síos in Airteagail 3a agus 3b den Rialachán seo agus sa reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagail 45(1), 52(3) agus 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366, agus cibé an bhfuil na rialacha sin tar éis feabhas a chur ar thrédhearcacht na muirear comhshó airgeadra;

(f) meastóireacht ar cibé an raibh ar sheirbhísí comhshó airgeadra aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí le cur i bhfeidhm praiticiúil Airteagail 3a agus 3b den Rialachán seo agus reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme Airteagail 45(1), 52(3) agus 59(2) de Threoir (AE) 2015/2366 agus, más rud é go raibh orthu, cá mhéad;

(g) anailís chostais-tairbhe ar na bealaí agus na teicneolaíochtaí cumarsáide atá in úsáid ag soláthraithe seirbhísí comhshó airgeadra, nó atá ar fáil dóibh, agus ar féidir leo feabhas breise a chur ar thrédhearcacht na muirear comhshó airgeadra, lena n-áirítear meastóireacht ar cibé an bhfuil bealaí áirithe ar cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta iad a thairsicint i gcomhair sheoladh na faisnéise dá dtagraítear in Aireagal 3a; ba cheart go n-áireofaí san anailís sin measúnú ar a indéanta atá sé go teicniúil an fhaisnéis in Airteagal 3a(1) agus (3) den Rialachán seo a nochtadh go comhuaineach, roimh thús gach idirbhirt, le haghaidh na roghanna comhshó airgeadra go léir atá ar fáil ag an UMB nó ag an díolphointe;

(h) anailís chostais-tairbhe ar thabhairt isteach na féidearthachta le haghaidh íocóirí an rogha a bhlocáil glacadh le comhshó airgeadra a thairgeann páirtí seachas soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ag UMB nó ag an díolphointe agus a roghanna ina leith sin a athrú;

(i) anailís chostais-tairbhe ar cheanglas a thabhairt isteach ar sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra , go gcuirfidís i bhfeidhm, agus iad ag soláthar seirbhísí comhshó airgeadra a bhaineann le hidirbheart indibhidiúil íocaíochta, an ráta comhshó is infheidhme tráth a chuirtear tús le hidirbheart agus an t-idirbheart á imréiteach agus á ghlanadh.

2. Cumhdóidh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar a laghad an tréimhse ón 15 Nollaig 2019 go dtí ... [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. Cuirfidh sé san áireamh sainiúlachtaí na n-idirbheart éagsúil íocaíochta, ag idirdhealú go háirithe idir idirbhearta a tosaíodh ag UMB agus ag an díolphointe.

Agus a thuarascáil á ullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as sonraí arna mbailiú ag Ballstáit i ndáil le mír 1.

______________

* Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le muirir áirithe ar íocaíochtaí trasteorann san Aontas agus muirir comhshó airgeadra (IO ...).*"*.

*Airteagal 2*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2019, seachas an méid seo a leanas:

   (a) beidh feidhm ag pointe (6) d'Airteagal 1 ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

   (b) beidh feidhm ag pointí (4) agus (5) d'Airteagal 1, maidir le le hAirteagal 3a(1) go (4) agus le hAirteagal 3b de Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ón ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

   (c) beidh feidhm ag pointe (4) d'Airteagal 1, maidir le hAirteagal 3a(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 924/2009, ón ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

(d) beidh feidhm ag pointe (4) d'Airteagal 1, maidir le hAirteagal 3a(7) de Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 3a(1) go (4) den Rialachán sin, ón... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

(e) beidh feidhm ag pointe (4) Airteagal 1, a maidir le hAirteagal 3a(7) de Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 3a(5) agus (6) den Rialachán sin, ón... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*